

Irish translation of:
Bowel cancer screening: the facts.

Scagthástáil ar ailse phutóige: na fíorais

Cad leis a mbaineann an bhileog seo?

Baineann an bhileog seo leis na sochair agus na rioscaí a bhaineann le clár scagthástála Thuaisceart Éireann ar ailse phutóige agus ar an bhfáth a bhfuil sé tábhachtach páirt a ghlacadh ann nuair a thugtar cuireadh duit.

Cén fáth a dhéantar scagthástáil ar ailse phutóige?

- Má dhéantar ailse phutóige a aimsiú go han-luath is féidir 90% de chásanna a leigheas.
- Ciallaíonn sé seo go bhféadfaí cosc a chur ar thart ar 60 bás duine i dTuaisceart Éireann gach bliain.
- Is féidir polaipí a aimsiú freisin le scagthástáil. Is polaipí iad ná ceallghrúpaí neamhailseacha ach féadfaidh roinnt díobh athrú agus ailse a chruthú. Má dhéantar polaipí a aimsiú go luath is féidir iad a bhaint go héasca sula dtarlaíonn sé seo.

Cé chomh coitianta is atá ailse phutóige?

- Tagann ailse phutóige ar thart ar dhuine amháin as 20 duine le linn a saolta.
- Is í ailse phutóige an dara cineál ailse is coitianta i measc fear agus ban i dTuaisceart Éireann.
- Tá ailse phutóige níos coitianta i ndaoine breacaosta, go háirithe na fir.

Cad a thugtar ar an scagthástáil?

Tugtar tástáil um Fhuil Fholaithe Fhaecach ar an dtástáil, nó FFF mar ghiorrúchán air. Is ionann 'folaithe' agus 'ceilte'.

Cad a bhíonn á lorg ag an scagthástáil?

Bíonn mionmhéideanna fola á lorg ag an scagthástáil i do chorraithe putóige. Is comhartha réamhrabhaidh é seo go bhféadfaidh rud éigin a bheith cearr. Má aimsíonn an tástáil roinnt fola, ní ciallaíonn sé seo go cinnte go bhfuil ailse phutóige ort. Níl ann ach gur chóir scrúdú a dhéanamh ort chun an chúis a aimsiú.

Cé orthu a ndírítear an scagthástáil?

I dTuaisceart Éireann, dírítear an scagthástáil ar fhir agus ar mhná idir 60 agus 69 bliain d'aois. Beidh seans ag gach duine sa ghrúpa seo atá cláraithe le dochtúir ginearálta scagthástáil a bheith acu gach dhá bhliain.

Conas a dhéantar an scagthástáil?

Gheobhaidh gach duine idir 60 agus 69 bliain d'aois atá cláraithe le dochtúir ginearálta pacáiste tástála tríd an bpost. Cuirfear pacáiste chugat laistigh de dhá bhliain ó thús an chláir agus gach dhá bhliain ina dhiaidh sin. Is é an pacáiste an chéad chéim de phróiseas scagthástála, próiseas a d'fhéadfadh tástálacha breise a bheith ag baint leis agus cuairt amháin nó níos mó ar an ospidéal.

Conas a dhéantar an tástáil?

- Déantar an tástáil i bpríobháideachas do thí féin. Cuireann tú sampla an-bheag de chorraí putóige (stólta) ar chárta speisialta. Tá bileog threorach níos mionsonraithe istigh leis an bpacáiste tástála.
- Is féidir leat glao a chur ar an líne shaorghlao chabhrach ar 0800 015 2514 má tá aon cheisteanna agat ar conas an pacáiste tástála a úsáid.

Cathain a gheobhaidh mé mo thorthaí?

- Ba chóir go bhfaighfeá do thorthaí laistigh de dhá sheachtain agus an tástáil curtha isteach agat.
- Más rud é nach bhfaigheann tú litir laistigh de dhá sheachtain, cuir glao ar an líne chabhrach.

Cé chomh iontaofa is atá an tástáil?

- Ní féidir le scagthástáil a léiriú an bhfuil ailse phutóige ort nó nach bhfuil. Ní dhéanann sé ach daoine a scaradh in dhá ghrúpa – iad siúd nach dteastaíonn tástálacha breise uathu agus iad siúd ar chóir dóibh tástálacha breise a bheith acu.
- Níl aon tástáil iontaofa go hiomlán. Dá bhrí sin, má tá aon cheann de na comharthaí agat atá liostaithe cheana ba chóir duit teagmháil a dhéanamh le do dhochtúir ginearálta, fiú i gcás go raibh tástáil ghlan agat an t-am dheireanach.

Cad a tharlóidh anois?

- Má tá toradh diúltach ar do thástáil (níor aimsíodh aon fhuil), ní gá duit aon rud a dhéanamh. Déanfar an tástáil chéanna gach dhá bhliain go dtí go mbeidh 69 bliain d'aois slánaithe agat.
- Má tá toradh deimhneach ar do thástáil (aimsíodh fuil), cuirfear fios ort chun bualadh leis an sainchleachtóir scagthástála (SCS) chun tástálacha breise a phlé. Cuirfear fios ar thart ar dheichniúr as 500 duine le tástálacha déanta orthu chun bualadh leis an SCS. Fiú ansin, beidh naonúr as gach deichniúr díobh siúd ar cuireadh fios orthu saor ó ailse.
- Más rud é nach mbíonn toradh soiléir ar do thástáil, d'fhéadfaí go n-iarrfar ort an tástáil a dhéanamh arís chun fuil a lorg.

Cad a tharlaíonn má bhíonn toradh deimhneach ar do thástáil?

• Ciallaíonn tástáil dheimhneach gur aimsíodh fuil i do stólta. Cuirfear fios ort ansin chun measúnú a dhéanamh leis an SCS a thabharfaidh míniú ar na tástálacha eile ar féidir a dhéanamh. Tugtar ionscópacht ar an drólann ar an tástáil is coitianta.

Cad is ionscópacht ar an drólann ann?

- Úsáideann ionscópacht ar an drólann ceamara an-bheag ag deireadh feadáin tanaí a chuireann ar chumas an dochtúra nó an altra polaipí nó comharthaí ailse a lorg ar an taobh istigh de do phutóg.
- Uaireanta tógtar sampla beag den phutóg agus déantar scrúdú air faoi mhicreascóp chun cealla ailse a lorg.
- Mar an gcéanna leis an gcuid is mó de ghnáthaimh mhíochaine, tá seans ann go dtarlóidh aimhréítí. Féadfaidh go gcuirfear fuil i gcás amháin b'fhéidir as 150 cás agus go gcuirfear poll sa phutóg le linn an ghnáthaimh i gcás amháin as 1,000 cás. Má tharlaíonn sé seo, ní foláir obráid a dhéanamh i gcónaí beagnach chun an poll a dheisiú. Go fíorannamh (de réir fianaise, níl ann ach cás amháin as 10,000 cás), d'fhéadfadh duine bás a fháil de bharr ionscópachta ar an drólann.
- Má thabharfar deis duit ionscópacht ar an drólann a fháil, beidh seans agat aon chúraimí a phlé leis an SCS.

Má thaispeánann an ionscópacht ar an drólann go bhfuil cóir leighis bhreise ag teastáil uaim?

Má bhíonn cóir leighis bhreise ag teastáil uait seolfar tú chuig cibé speisialtóir atá oiriúnach duitse. Mar shampla, más rud é gur baineadh polaipí le linn ionscópachta ar an drólann féadfaidh go n-iarrfar ort dul ar ais agus ionscópacht eile a dhéanamh ar an drólann idir bliain amháin agus trí bliana níos déanaí.

Na comharthaí ar chóir duit a bheith aireach fúthu

Is féidir le hailse phutóige teacht ort am ar bith idir scagthástálacha. Tabhair aird ar na comharthaí seo a leanas:

- Fuil a thagann ó do thimpireacht gan súil léi nó gan phian, nó fuil i do stólta. Má fheiceann tú fuil i do stólta, ba chóir duit dul go dtí do dhochtúir ginearálta láithreach. Is dócha nach bhfuil sé tábhachtach má bhíonn beagán fola glédhearga ar an bpáipéar leithris amháin. Má leanann sé seo ar aghaidh ar feadh dhá nó trí seachtaine, tabhair cuairt ar do dhochtúir ginearálta.
- Athrú ar do nós folmhaithe. D'fhéadfaí go bhforbrófá corraithe putóige scaoilte nó go n-eisfhearfa substaint ramallach ar a dtugtar múcas. D'fhéadfaí go mbeifeá iata uaireanta. Bí aireach faoin iatacht agus faoin mbuinneach ag an am céanna. Má bhíonn na comharthaí seo agat ar feadh breis is sé seachtaine, ba chóir duit cuairt a thabhairt ar do dhochtúir ginearálta. Má tá na comharthaí seo agat chomh maith le comharthaí eile sa liosta seo, tabhair cuairt ar do dhochtúir ginearálta chomh luath agus is féidir.
- Pian nó at i do bholg (goile).
- Cailliúint meáchain gan fáth ar bith leis.

- Ainéime gan mhíniú (tanúchán fola). Mar gheall ar seo, is féidir leat a bheith fíorthuirseach. De ghnáth, aimsítear í trí thástáil fola a dhéanann do dhochtúir ginearálta.
- Is féidir le riochtaí eile a bheith mar chúis ar na comharthaí seo go léir. Mar shampla, bíonn haemaróidí (fíocas) ag cur fola go minic.

Conas is féidir liom a chinntiú go gcuirfean pacáiste tástála chugam amach anseo?

- Cuirfean an pacáiste tástála chuig an seoladh atá ag do dhochtúir ginearálta duit. Má aistríonn tú, ní foláir duit é seo a chur in iúl do do dhochtúir ginearálta chomh luath agus is féidir, chun an liosta seolta a choimeád suas chun dáta. Más rud é nach ndéantar é seo, féadfaidh nach mbeidh seans agat páirt a ghlacadh sa chlár scagthástála.

Cad a dhéantar leis mo shampla agus tástáil déanta air?

- Díothaítear do shampla tar éis tástála a bheith déanta air. Sábhálfar na torthaí ar ríomhaire agus cuirfean tástáil eile chugat i gceann cúpla bliana.

Eolas cosanta sonraí

- Cuirfean cóip de do thorthaí chuig do dhochtúir ginearálta.
- Ní foláir don oifig um scagthástáil ar ailse phutóige taifid a choimeád de na daoine go léir a rinneadh scagthástáil orthu agus de na torthaí go léir.
- D'fhéadfadh an fhoireann a oibríonn don chlár breathnú ar do thaifid agus athbhreithniú a dhéanamh orthu.
- Úsáidtear an t-eolas seo chun a chinntiú go bhfuil an clár á chur ar fáil ar ardchaighdeán mar ba chóir dó a bheith.
- Taispeánann an t-eolas freisin an méid cásanna ailse a aimsíodh agus cinntíonn sé go gcuirtear an chóir leighis cheart ar fáil do na daoine seo.
- Má theastaíonn eolas breise uait faoin tslí a choimeádtar agus a úsáidtear do thaifid, ba chóir duit glao a chur ar an líne shaorghlao chabhrach ar 0800 015 2514.



Published by the Public Health Agency, Ormeau Avenue Unit, 18 Ormeau Avenue, Belfast BT2 8HS. Tel: 028 9031 1611. Textphone/Text Relay: 18001 028 9031 1611.